

# Glacadh agus cumhdach vacsaínithe COVID-19 san AE/LEE a éascú

An 15 Deireadh Fómhair 2021

## Príomhtheachtaireachtaí

- Ní féidir clár rathúil vacsaínithe COVID-19 a fhorbairt ach amháin ar thuiscint agus ar fhreagairt chúí do chreidimh, ábhair inmí agus ionchais daoine aonair agus pobal maidir leis an vacsaín agus leis an ngalar. Is féidir an tsamhail '5C' – Muinín, Srianta, Réchúis, Ríomh agus Freagracht chomhchoiteann – a úsáid mar chreat chun na hábhair inmí sin a thuiscint agus chun straitéisí a dheardh chun glacadh agus cumhdach vacsaínithe COVID-19 a éascú.
- Tríd an tsamhail 5C á húsáid mar bhunchloch, is féidir na cúiseanna atá le glacadh agus cumhdach íseal vacsaínithe a dhiagnóisiú trí anailís a dhéanamh ar shonraí trasghearrthacha, ar leibhéal an daonra. Tá uirlis suirbhé forbartha ag Oifig Réigiúnach na hEagraíochta Domhanda Sláinte don Eoraip maidir le léargais iompraíochta a bhaineann le COVID-19 ar féidir é a úsáid chun na críche seo. Leis an gcomhar leis an tsochaí shibhialta, d'fhéadfaí freisin an deis a thabhairt sonraí oibríochtúla – idir chainníochtúil agus/nó cháilíochtúil – a ghíaráil, ar sonraí iad lena bhféadfaí léargas a thabhairt ar chreidiúintí, ábhair inmí agus ionchais vacsaínithe daoine aonair agus pobal.
- I láthair na huaire, tá iarrachtaí vacsaínithe in go leor tíortha ag díriú ar ghrúpaí daoine neamhvacsáinithe ó aoisghrúpaí níos sine agus iad siúd atá i ndaonraí atá leochaileach go sóisialta, agus ag an am céanna cumhdach i measc aoisghrúpaí níos óige a éascú (lena n-áirítear leanaí agus déagóirí atá incháilithe le haghaidh vacsaínithe). Tá ról lárnach ag oibríthe cúraim sláinte san obair seo. Ní mór na dúshlán shonracha atá os comhair gach ceann de na grúpaí sin maidir le vacsaíniú a ghlacadh agus a rochtain (agus, d'oibríthe cúraim sláinte, a éascú) a thuiscint agus déileáil leo i gceart.
- Tá samplaí le fáil sa doiciméad seo de roinnt de na bearta atá á gcur chun feidhme ag tíortha chun glacadh agus cumhdach vacsaíne a mhéadú, ag brath ar na cúiseanna a sainaitníodh i gcomhthéacs ar leith. D'fhéadfadh nach mór iad a chur in oiriúint ag leibhéal fo-náisiúnta nó áitiúil – níl aon chur chuige amháin 'a oireann do chách'. D'fhéadfadh cúiseanna athrú le himeacht ama freisin, rud a chiallaíonn go bhféadfadh sé a bheith riachtanach diagnóisí a athdhéanamh go rialta.
- Bhí go leor de na hidirghabhálacha a athbhreithníodh le haghaidh na tuarascála seo dírithe ar sheirbhísí inrochtana a sholáthar, agus go minic déantar iad a nascadh le straitéisí cumarsáide riosca tionlacain. Roghnaigh roinnt tíortha bearta atá bunaithe ar dhreasachtaí agus ar smachtbhannaí freisin. Sainaitníodh níos lú straitéisí a raibh sé mar aidhm leo iontaoibh a chothú sa chóras cúraim sláinte agus rannpháirtíocht a dhéanamh le pobail.
- Baineann dúshlán modheolaíochta le héifeachtacht idirghabhála a bhunú a bhfuil sé mar aidhm léi glacadh agus cumhdach vacsaínithe a éascú. Is féidir meastóireachtaí maithe ar na hidirghabhálacha sin a dhéanamh fós, ag baint úsáide as sonraí cainníochtúla agus cáilíochtúla araon, cé go mbeidh sé níos éasca go hiondúil na torthaí ó mheastóireachtaí próisis a léirmhíniú i gcomparáid le torthaí ó mheastóireachtaí tionchair.

## Raon feidhme agus cuspóir

Cuirtear i láthair sa tuarascáil theicniúil seo breithniúcháin do thíortha an Aontais Eorpaigh/an Limistéir Eorpaigh Eacnamaíoch (AE/LEE) nuair a dhéantar bacainní ar ghlacadh agus ar chumhdach vacsaíníú COVID-19 a dhiagnóisiú, agus nuair a dheantar agus nuair a chuirtear chun feidhme idirghabhálacha a bhfuil sé mar aidhm leo cumhdach a mhéadú. Úsáidtear an tsamhail '5C' sa tuarascáil chun na cúiseanna éagsúla a bhaineann le glacadh agus cumhdach íseal vacsaínithe a eagrú agus a mhíniú, agus chun idirghabhálacha féideartha a chatagóiriú. Is iad na príomhchoincheapa a áirítear sa tsamhail 5C, Muinín, Srianta, Réchúis, Ríomh, agus Freagracht chomhchoiteann. Le cois plé a dhéanamh ar vacsaíníú COVID-19 a éascú don phobal i gcoitinne laistigh den chreat seo, cuireadh grúpaí sonracha den daonra san áireamh sa tuarascáil freisin, cosúil le hoibrithe cúraim sláinte agus grúpaí atá leochaileach i gcomhthéacs socheacnamaíoch. Ós rud é gur leathnaíodh incháilitheacht in a lán tíortha, tá leanaí agus déagóirí á gcur san áireamh anois freisin, mar aon le tuismitheoirí mar ghrúpa ar leith.

Leagtar béim sa tuarascáil ar an tábhacht a bhaineann leis na cúiseanna a spreagann glacadh agus cumhdach vacsaíne fo-optamach i bpobal ar leith a dhiagnóisiú chun a áirithiú go gcuirfear na hidirghabhálacha iomchuí chun feidhme mar fhreagairt. Cuirtear i láthair ann freisin samplaí d'idirghabhálacha atá curtha chun feidhme san AE/LEE, agus d'fhéadfaí aon cheann acu a oiriúnú lena n-úsáid i suíomhanna eile inar sainathnódh cúiseanna comhchosúla a bhí mar bhonn le cumhdach íseal vacsaínithe. Ar deireadh, pléitear sa tuarascáil an tábhacht a bhaineann le measúnú a dhéanamh ar idirghabhálacha chun cumhdach vacsaíníú COVID-19 a mhéadú, chomh maith le roinnt de na dúshláin a bhaineann leis na meastóireachtaí sin. Áirítear sa tuarascáil freisin acmhainní a d'fhéadfadh tíortha AE/LEE a úsáid le haghaidh diagnóisiú, cur chun feidhme agus meastóireacht.

## Spriocphobal

Tá sé beartaithe go mbeidh an doiciméad seo in úsáid ag údaráis sláinte poiblí náisiúnta agus réigiúnacha, speisialtóirí cumarsáide riosca, agus lucht ceaptha beartas i dtíortha AE/LEE.

## Cúlra

Amhail ag an 12 Deireadh Fómhair 2021, tá vacsaíníú iomlán i gcoinne COVID-19 faighte ag os cionn 74% de na daoine fásta ar fad san AE/LEE atá 18 mbliana d'aois agus os a chionn [2]. Éacht iontach is ea é seo laistigh de chúpla mí, ach ciallaíonn sé go bhfuil breis is aon cheathrú de gach duine fásta nach bhfuil lánchosanta fós. Ina theannta sin, cé go bhfuil an cumhdach vacsaíne ar an iomlán éachtach ag leibhéal an AE/LEE, níl clúdach ar fud an AE/LEE aonfhoirmeach; tá 23.5% go hiomlán vacsaínithe sa Bhulgáir agus tá 92% go hiomlán vacsaínithe in Éirinn mar shampla [2]. Tá iarmhairtí na rátaí ísle vacsaínithe i roinnt tíortha le tabhairt faoi deara faoi láthair i gcórais cúraim sláinte atá faoi an iomarca brú agus ina bhfuil rátaí básmhairteachta arda le tabhairt faoi deara [3]. Ina theannta sin, tá grúpaí ina bhfuil an cumhdach sách íseal i measc daonraí áirithe i roinnt Ballstát [4], a spreag vacsaíníú éigeantach do ghrúpaí gairmiúla áirithe i suíomhanna áirithe [5].

Tá raon leathan cúiseanna leis na héagsúlachtaí sin i gcumhdach vacsaínithe COVID-19, lena n-áirítear dinimic soláthair agus soláthar seirbhísí i gcórais sláinte, chomh maith le creidiúintí, dearthaí agus iompar daoine. D'fhéadfadh fadhbanna bunúsacha, i dteannta a chéile, a bheith mar bhonn le coinníollacha a chiallaíonn go bhfuil an cumhdach vacsaínithe níos ísle ná mar ba mhaith le daoine a bheadh. I measc na samplaí díobh seo tá mímhúinín sa rialtas; braistint maidir le riosca galair; teagmhais stairiúla, cosúil le himní maidir leis an vacsaín; áisiúlacht an vacsaínithe; éiginnteacht maidir le sábháilteacht agus éifeachtacht na vacsaíní, agus cinní polaitiúla forbarthacha a bhaineann le bainistíocht paindéime.

Dá bhrí sin, chun rochtain chothromasach agus thráthúil ar vacsaíní a sholáthar do gach duine san Aontas, tá gá le níos mó ná a áirithiú go soláthrófar vacsaíní atá sábháilte agus éifeachtach agus rochtain áisiúil. Ní féidir clár rathúil vacsaínithe a fhorbairt ach amháin bunaithe ar thuiscint agus ar fhreagairt chuí ar ábhair imní agus ionchais daoine aonair agus pobal maidir leis an vacsaíní i gcomhpháirt lena dtuairimí maidir le COVID-19 agus na hábhair atá ag déanamh imní díobh maidir leis.

## An tsamhail 5C

Tá an tsamhail 5C bunaithe ar chúig réamhtheachtaí a bhféadfadh tionchar a bheith acu ar iompar vacsaínithe duine aonair: muinín, srianta, réchúis, ríomh, agus freagracht chomhchoiteann. Tá sé bunaithe ar agus comhlántach le samhlacha teoiriciúla bunaithe eile de dhroghall agus glacadh vacsaíne [5-7] agus cruthaíonn sé nasc idir na samhlacha seo agus teoiricí léargais iompraíochta a d'fhéadfadh cabhrú le hiompar sláinte a mhíniú [8]. Tá cur síos gonta le fáil thíos ar na cúig ghné a áirítear sa tsamhail 5C.

Baineann **muinín** le gnéithe éagsúla d'iontaoibh. Áirítear leis seo iontaoibh as éifeachtacht agus sábháilteacht na vacsaíní. Thairis sin, baineann sé le hiontaoibh as an gcóras sláinte a sholáthraíonn an vacsaíníú, lena n-áirítear

gairmiúlacht agus caighdeán na n-oibríthe sláinte atá á riar. Ar deireadh, baineann sé le hiontaoibh as an lucht ceaptha beartas a mheastar gurb iadsan na cinnteoirí foriomlána maidir le vacsaín agus vacsaíniú [9].

D'fhéadfaí go n-áireofaí i measc na **srianta** chumhdach vacsaíne infhaighteacht fhisiceach, inacmhainneacht agus toilteanas pá, inrochtaineacht gheografach, cumas tuisceana (litearthacht teanga agus sláinte), agus tarraingteacht seirbhísi imdhíonta [9]. Tugann sé sin le tuiscint go bhféadfadh srianta ar vacsaíniú a bheith struchtúrtha agus síceolaíoch araon.

Baineann **réchúis** le tuiscint an duine aonair ar an riosca a bhaineann leis an ngalar. Má tá tuiscint réasúnta lag ag duine ar an riosca a bhaineann le galar atá inchoiscithe trí vacsaíniú, d'fhéadfadh freisin nach mbeadh mórán foinn ar dhaoine vacsaín a fháil agus nach mbeadh sé ar intinn acu vacsaín a fháil [10,11]. Dá réir sin, baineann an réamhtheachtaí seo le galar sonrath, cé go bhféadfadh fachtóirí aonair amhail aois, sláinte agus freagrachtaí difear a dhéanamh do leibhéil réchúise. Bíonn tionchar freisin ag féin-éifeachtúlacht mheáite an duine, nó ag a c(h)umas meáite gníomh a dhéanamh ionas go bhfaighidh sé/sí vacsaín.

Is éard atá i gceist le **ríomh** an méid a dhéanann duine cuardach ar fhaisnéis faoi vacsaín agus/nó faoin ngalar atá i gceist, agus ansin déanann sé/sí anailís idir rioscaí agus tairbhí agus ar cibé acu ar cheart nó nár cheart dó/di vacsaín a fháil. D'fhéadfadh go mbeadh daoine a dhéanann ardleibhéil ríomha níos drogallaí roimh rioscaí ná daoine nach ndéanann mórán ríomha, agus mar sin beidh níos lú seans ann go bhfaighidh siad vacsaín mar gheall ar infhaighteacht shuntasach foinsí frithvacsaínithe ar an Idirlíon [12].

Is éard atá i gceist le **freagracht chomhchoiteann** toilteanas daoine, daoine eile a chosaint trí vacsaín a fháil, mar chuid den iarracht chomhchoiteann imdhíonacht tréada a bhaint amach. Ba cheart go mbeadh sé i gcomhchoibhneas dearfach le comhsheilbheachas (seachas indibhidiúlachas), le treoshuíomh comhchoiteann agus le comhbhá, rud a thabharfadh le fios go bhfuil duine toilteanach vacsaín a fháil ar mhaithe le leas duine éigin eile [9].

Tagann na cúig réamhtheachtaí le chéile chun staid síceolaíoch a chruthú a d'fhéadfadh a bheith ina chúis le duine aonair a bheith vacsaínithe nó gan a bheith vacsaínithe. Mar sin féin, tá sé tábhachtach a thabhairt faoi deara gur féidir le gach ceann de na réamhtheachtaí athrú le himeacht ama [13], rud a chiallaíonn go bhféadfadh duine a bheith idir dhá chomhairle agus go mbeadh sé/sí ag ceapadh nach bhfuil sé/sí ag iarraidh vacsaín a fháil agus go bhfuil sé/sí ag iarraidh vacsaín a fháil. D'fhéadfadh go mbeadh tionchar ag raon cumasóirí agus bacainní ar vacsaíniú ar dheacrachtaí daoine aonair cinneadh a dhéanamh maidir le vacsaín a fháil nó gan vacsaín a fháil. D'fhéadfadh sé sin a bheith ag leibhéal an duine aonair agus ag leibhéal an phobail (e.g. tuairimí maidir le cur chun cinn na sláinte, nó taithí ar chórais sláinte agus ar oibríthe cúraim sláinte), i gcomhthéacs náisiúnta nó réigiúnach (e.g. tuairimí maidir le ceannairí, teagmhais stairiúla, teachtaireachtaí agus cumarsáid), nó go mbainfeadh sé leis an vacsaín féin (e.g. an riosca braite i gcomparáid leis na tairbhí, úrnuacht na vacsaíne, sceideal, modh riaracháin, etc.) [10].

## Príomh-spriocphobail do vacsaíniú COVID-19

I ngach tír, ba cheart iarrachtaí leanúnacha a dhéanamh gach duine atá incháilithe a vacsaíniú. Mar sin féin, i dtíortha ina bhfuil leibhéal cumhdaigh vacsaínithe COVID-19 íseal tríd is tríd, is tosaíocht é i gcónaí daoine fásta níos sine agus iad siúd a bhfuil bunriochtaí sláinte acu a vacsaíniú. I dtíortha ina bhfuil an cumhdach vacsaínithe go maith tríd is tríd, tá fo-dhaonraí fós ann ina bhfuil an cumhdach níos ísle ná mar atá inmhianaithe. Tabhair faoi deara, ainneoin go bhféadfaí na príomhghrúpaí sin a phlé mar eintitis aonair, go siad thar a bheith ilchineálach, fíric nach mór a chur san áireamh nuair a bhíonn straitéisí á ndearadh chun glacadh le agus cumhdach vacsaíní a chur chun cinn. Tá dhá cheann de na príomh-spriocphobail sainaitheanta thíos.

Tá raon dúshlán le sárú ag **daonraí atá leochaileach go sóisialta agus daonraí ar deacair teagmháil a dhéanamh leo**: daoine ó mhionlaigh eitneacha imeallaithe, imircigh gan doiciméid, daoine atá gan dídean, agus daoine faoi mhíchumas chun vacsaín a fháil i gcoinne COVID-19. D'fhéadfaí go n-áireofaí i measc na bpríomhábhar imní le haghaidh na ngrúpaí daonra sin, mímhúinín ghinearálta as na húdaráis, bacainní teanga, dúshlán a bhaineann le rochtain fhisiciúil ar láithreacha vacsaínithe, agus eagla roimh stiogmatú [14,15]. Ina theannta sin, go minic bíonn riosca ionfhabhtaithe níos airde luaite leis na pobail seo, mar gheall ar dhálaí maireachtála plódaithe agus dálaí maireachtála atá faoi bhun an chaighdeáin uaireanta, rud a chiallaíonn go bhfuil a riachtanas vacsaínithe an-ard. Ainneoin an riosca níos airde sin, níl sonraí imdhealaithe maidir le stádas imircigh, mionlaigh eitnigh, etc. ar fáil go forleathan, rud a chiallaíonn nach bhfuil cinnteoirí airdeallach ar na dúshláin ar leith a d'fhéadfadh a bheith le sárú acu [16].

**Leanaí agus déagóirí atá incháilithe le haghaidh vacsaínithe, agus tuismitheoirí.** Tá tús curtha ag roinnt tíortha AE/LEE le vacsaíní COVID-19 a thairiscint do leanaí agus déagóirí atá os cionn 12 bliana d'aois [2]. Cé nach mbíonn ach galar éadrom orthu níos minice ná a mhalairt, tá an riosca ann go bhfaighidh daoine san aoisghrúpa seo riocht i ndiaidh COVID-19, agus is féidir leo gníomhú freisin mar áit stórála don víreas. Baineann dúshlán ar leith leis an ngrúpa seo a vacsaíniú i gcoinne COVID-19, go príomha toisc go bhfuil siad spleách ó thaobh an dlí de, agus gur dócha go mbeidh a dtuismitheoirí nó a gcaomhnoirí páirteach in aon chinneadh a dhéanfar vacsaín a fháil, go háirithe i gcás aoisghrúpaí níos óige [17]. Dá bhrí sin, beidh ról ríthábhachtach ag tuairimí agus ag ábhair

imní tuismitheoirí in aon iarrachtaí vacsaínithe COVID-19 a chur ar fáil do leanaí agus do dhéagóirí. Tá sé riachtanach, áfach, go gcuirfear tuairimí agus taithí na ndaoine óga féin san áireamh freisin, go n-urramófar a neamhspleáchas, agus go n-áirítear iad sa phlé faoi vacsaíniú ar bhealach atá oiriúnach ó thaobh aoise de [18].

Cé nach meastar, ar an iomlán, go bhfuil rátaí vacsaínithe ísle i measc oibrithe cúraim sláinte, is grúpa tosaíochta breise iad le haghaidh vacsaíniú COVID-19 i dtíortha ar fud an domhain, lena n-áirítear AE/LEE. Is amhlaidh atá mar gheall ar na leibhéil arda nochta do COVID-19 agus galair thógálacha eile nach mór dóibh déileáil leo, agus de bharr gur féidir leo an víreas a scaipeadh go héasca chuig othair nó comhghleacaithe. Ina theannta sin, bunaithe ar an iontaoibh atá ag daoine in oibrithe cúraim sláinte, tá ról lárnach acu i dtionchar a imirt ar thuairimí a gcuid othar maidir leis an vacsaín agus an galar gaolmhar. Dá bhrí sin, d'fhéadfaidís tionchar suntasach a bheith acu ar na cinntí a dhéanann daoine maidir le vacsaín a fháil [19-21]. Ós rud é gur léir go bhfuil ceisteanna agus ábhair ag déanamh imní do roinnt oibrithe cúraim sláinte faoi vacsaín COVID-19, [22,23], tá sé tábhachtach tacú leo agus iad a chumhachtú chun glacadh le agus vacsaín COVID-19 a fháil. Beidh tionchar cosantach díreach aige sin orthu féin agus ar tharchur a d'fhéadfadh tarlú i suíomhanna cúraim sláinte. Chomh maith leis sin, d'fhéadfadh sé cinntí othar vacsaín a fháil a éascú, agus ar an tslí sin d'fhéadfaí an pobal i gcoitinne a chosaint [24].

## Cúiseanna agus bacainní ar ghlacadh agus cumhdach vacsaínithe a dhiagnóisiú

Cé go rianaíonn gach tír AE/LEE cumhdach vacsaín COVID-19 ina dtíortha féin, agus go rianaíonn tíortha áirithe muinín as vacsaíní COVID-19, ní dhéanann gach tír iarracht na cúiseanna atá le cumhdach vacsaínithe níos ísle ná mar atá inmhianaithe i ngrúpaí daonra difriúla a shainaitheint. Dá bhrí sin, d'fhéadfadh go mbeadh straitéisí ag díriú ar an meascán mícheart de réamhtheachtaithe '5C', rud a d'fhéadfadh an bonn a bhaint d'éifeachtacht na n-iarrachtaí cumhdach vacsaínithe a éascú, agus acmhainní airgeadais agus ama araon a chur amú i gcás éigeandála. Ciallaíonn an ilchineálacht atá ann maidir le cuspóirí agus iompraíocht vacsaínithe, fiú laistigh d'fho-dhaonra sainithe i dtír ar leith, nach féidir cur chuige amháin 'a oireann do chách' a shonrú. Ní mór straitéisí a dhíriú ar ghrúpaí difriúla de réir a riachtanas sonracha.

I rith na paidéime, bhí roinnt tíortha AE/LEE ag bailiú sonraí trasghearrthacha ar mhórsála faoin nglacadh atá ag daoine le agus faoin mbealach a bhfuil siad ag tabhairt airde ar idirghabhálacha neamhchógaisíochta COVID-19, mar aon lena dtuairimí, cuspóirí agus iompraíocht tuairiscithe a bhaineann le vacsaíniú. Is í an uirlis suirbhé maidir le léargais iompraíochta ar COVID-19 a chuir Oifig Réigiúnach na hEagraíochta Domhanda Sláinte (EDS) don Eoraip ar fáil an uirlis is coitianta atá in úsáid chun na sonraí seo a bhailiú ag leibhéal an daonra san AE/LEE. Cuireadh an uirlis in oiriúint ionas go bhféadfaí í a úsáid i roinnt tíortha chun iompar agus dearthaí maidir le bearta agus beartais choisctheacha dhifriúla a rianú [25-27]. Athraíodh na hábhair a chumhdaítear in uirlis suirbhé an EDS de réir mar a d'athraigh na coinníollacha le linn na paidéime, agus áirítear ina measc anois ceisteanna maidir le hiompraíocht vacsaínithe agus cuspóirí. Tá treoirilínte eatramhacha forbartha freisin ag EDS agus UNICEF [28] chun taighde diagnóiseach cainníochtúil agus cáilíochtúil araon a dhéanamh ar chúiseanna iompraíochta agus sóisialta atá le glacadh agus le cumhdach vacsaíniú COVID-19, ach níl siad seo bailíochtaithe go foirmiúil fós.

Tá roinnt ionstraimí eile foilsithe a dhéanann measúnú ar na cúiseanna atá mar bhonn le muinín agus glacadh le vacsaín. Tá siad sin cineálach agus ní bhaineann siad go sonracha le paidéim COVID-19. Ina measc tá an tInnéacs Muiníne Vacsaíne [29], an Scála Glactha Vacsaíne [30], agus Dearthaí Tuismitheoirí maidir le Vacsaíní do Leanaí [31]. Tabhair faoi deara go bhfuil sé de nós ag na hionstraimí seo díriú go príomha ar mhúinín, agus nach gcuirtear na ceithre 'C' eile san áireamh iontu ag an leibhéal céanna [9]. D'fhéadfadh, dá bharr sin, nach mbeadh siad chomh héifeachtach céanna le huirlis suirbhé EDS chun diagnóis a dhéanamh ar iompraíocht agus ar chuspóirí COVID-19 daoine, agus ar an gcaoi sin, cuidiú le sainiú a dhéanamh ar na hidirghabhálacha is oiriúnaí chun cumhdach vacsaínithe a éascú. I gcodarsnacht leis sin, soláthraíonn uirlis suirbhé EDS modh inrochtana, inoiriúnaithe, agus níos tábhachtaí fós, inchomparáide ar féidir é a imlonnú go tapa chun dearadh agus cur chun feidhme straitéise maidir le léargais iompraíochta a éascú [32].

## Diagnóisiú na bhfachtóirí a bhfuil tionchar acu ar ghlacadh agus ar chumhdach vacsaínithe san Fhionlainn

Reáchtáil Institiúid na Fionlainne um Shláinte agus Leas (THL) leagan oiriúnaithe de staidéar suirbhé EDS trí huair in earrach na bliana 2020, uair amháin i bhfómhar na bliana 2020, agus uair amháin in earrach na bliana 2021. Ghlac thart ar 1 000 freagróir páirt i ngach babhta suirbhé, a roghnaíodh lena áirithiú go raibh siad ionadaíoch ar an daonra daoine fásta san Fhionlainn ó thaobh aoise, inscne agus áit chónaithe de. Cuireadh ceisteanna maidir le cuspóirí vacsaínithe san áireamh sna babhtaí níos luaithe [1], agus maidir le hiompar vacsaínithe iarbhir sa bhbabhta deiridh. D'fháiltigh cinnteoirí roimh na torthaí, agus sholáthair siad bonn maith le haghaidh iarrachtaí cumarsáide riosca na tíre agus le haghaidh straitéis rialaithe níos ginearálta COVID-19.

Mar sin féin, mar gheall ar an gcostas a bhaineann le suirbhé EDS a reáchtáil mar ghníomhaíocht neamhspleách, cuireadh cuid de na ceisteanna a bhaineann le vacsaíniú san áireamh ina dhiaidh sin i suirbhé ginearálta náisiúnta Pulse na Saoránach, atá á chur i gcrích uair gach trí nó ceithre seachtaine ag Oifig an Phríomh-Aire san Fhionlainn. Laghdaigh sé seo na costais go suntasach agus bhí sé mar bhonn lena chinntiú go raibh an suirbhé níos inbhuanaithe, agus ag an am céanna chruthaigh sé deis faireachán a dhéanamh ar leibhéal ghlactha vacsaíne ar bhonn níos rialta. Ina theannta sin, trí chomparáid a dhéanamh idir na torthaí ón dá shuirbhé éagsúla, bhíothas in ann measúnú a dhéanamh ar iontaofacht agus ar bhailíocht na sonraí a d'éascair as an suirbhé EDS, suirbhé a bhí bunaithe ar uirlisí. Mar sin féin, ba cheart a thabhairt faoi deara gur gá roinnt de na ceisteanna a oiriúnú mar gheall ar rolladh amach tapa agus imthosca athraitheacha chlár vacsaínithe COVID-19, rud a chiallaíonn go bhfuil sé deacair comparáid a dhéanamh le himeacht ama. Mar shampla, bhí an cheist seo a leanas á cur roimhe seo, 'An nglacfa le vacsaín dá mbeadh vacsaín ar fáil?', ceist nach bhfuil á cur níos mó agus fianaise ar an tábhacht a bhaineann le súil a choinneáil ar cheisteanna atá ábhartha do chomhthéacs an lae.

Toradh suntasach amháin a bhí ar an obair dhiagnóiseach seo gur léirigh na sonraí go soiléir cé chomh híseal agus atá muinín as vacsaíní san Fhionlainn, ceann amháin de roinnt fachtóirí a chuireann bac ar chumhdach – tá ról suntasach ag na Canna eile freisin. D'éascaigh sé seo forbairt teachtaireachta níos oiriúnaí, rud a stiúraigh, ina dhiaidh sin, an díospóireacht phoiblí ó bheith ag díriú ar mhúinín íseal as vacsaíní, go dtí plé níos eolasaí ar shaincheisteanna eile atá chomh tábhachtach céanna (e.g. an chaoi a n-eagraítear seirbhísí vacsaínithe agus saincheisteanna a bhaineann le réchúis agus braistint riosca). Chomh maith leis sin, bhí sé mar bhonn le cinnteoireacht straitéiseach níos fearr don chlár imdhíonta, agus ag an am céanna thacaigh sé leis an gclár ag leibhéal bardasach mar thoradh air freisin, agus ag an am céanna thacaigh sé leis an gclár ar leibhéal an bhordais trí fhaisnéis a sholáthar maidir leis na fachtóirí a bhfuil tionchar acu ar iompraíocht vacsaínithe daoine.

Ba cheart glacadh i gcónaí le taighde cáilíochtúil mar chomhpháirt thábhachtach d'aon anailís chuimsitheach dhiagnóiseach ar chuspóirí agus iompraíocht vacsaínithe. D'fhéadfadh sé léargas a thabhairt ar na miondífriochtaí tábhachtacha a d'fhéadfadh a bheith ann, agus ag an am céanna na ceisteanna 'conas' agus 'cén fáth' a fhreagairt, ceisteanna nach gá go mbeadh suirbhéanna a úsáidtear go coitianta in ann díriú orthu [33]. Chomh maith leis an gcomhpháirt cháilíochtúil d'uirlis EDS/UNICEF thuasluaite [28] d'fhorbair Oifig Réigiúnach EDS don Eoraip uirlis taighde cháilíochtúil a úsáideadh i seacht dtíortha i dteannta le hoibrithe sláinte. Scrúdaíonn an uirlis seo na cúiseanna agus na bacainní ar vacsaíniú COVID-19 d'oibrithe sláinte, agus an obair a dhéanann siad chun moladh d'othair gur cheart dóibh vacsaín a fháil. Soláthraíonn an uirlis cur chuige tapa le haghaidh anailís sonraí ionas gur féidir léargas a úsáid mar bhonn le hidirghabhálacha saincheaptha le haghaidh spriocghrúpaí ar bhonn tráthúil, agus tá tuilleadh forbairt déanta ar an uirlis anois ionas gur féidir í a úsáid le spriocghrúpaí eile le haghaidh vacsaíniú COVID-19. Foilseofar an uirlis seo go luath agus más mian leat an uirlis a rochtain agus tacú leis na forbróirí déan teagmháil leo ag [euvaccine@who.int](mailto:euvaccine@who.int).

Glactar leis go mbeidh sé d'acmhainn ag formhór de thíortha AE/LEE an cineál seo taighde dhiagnóisigh a dhéanamh – taighde cainníochtúil nó cáilíochtúil – fiú mura mbíonn an acmhainn sin ar fáil laistigh d'institiúidí sláinte poiblí náisiúnta nó comhlachtaí stáit eile. Go minic bíonn na scileanna teicniúla ag eolaithe sóisialta atá ag obair in ollscoileanna chun obair den chineál seo a chur chun feidhme, agus ag eagraíochtaí sochaí sibhialta áirithe a d'fhéadfadh a bheith in ann a sonraí oibríochta agus aiseolas ó thairbhíthe seirbhíse a ghíaráil. I gcás ina bhfuil acmhainní teoranta san earnáil phoiblí, féadfaidh na Ballstáit tairbhe a bhaint as a saineolas intíre a mhapaíl agus a shainathint, agus úsáid a bhaint as an saineolas sin tríd an taighde a thabhairt amach ar conradh. Chomh maith le sonraí ábhartha dhiagnóiseacha a sholáthar maidir le hiompraíocht agus cuspóirí vacsaín COVID-19, chuideodh an cur chuige seo le pobal cleachtas sóisialta agus iompraíochta tíre a bhunú a d'fhéadfaí a úsáid chun imscrúduithe a dhéanamh ar cheisteanna sláinte eile amach anseo. Tá sampla de chomhoibriú den chineál seo le tabhairt faoi deara sa Danmhairg, áit a bhfuil staidéar dhiagnóiseach na tíre curtha i gcrích ag Ollscoil Chóbanhávan [27].



## Straitéisí chun glacadh agus cumhdach vacsaín COVID-19 a mhéadú

Sa roinn seo cuirtear i láthair straitéisí a cuireadh chun feidhme i dtíortha éagsúla AE/LEE, atá dírithe ar gach ceann de na 5Canna. Cé go ndearnadh gach straitéis a chuirtear i láthair a chatagóiriú i 'C' sonrach, spriocdhírthe amháin, tá go leor straitéisí dírithe ar dhá cheann nó níos mó de na Canna ag an am céanna. Mar shampla, d'fhéadfadh cur chuige pobalbhunaithe a dhíríonn ar chur le muintín sa chlár vacsaínithe iarracht a dhéanamh dul i ngleic le srianta inrochtaineachta freisin. Mar gheall ar an bhforluí sin, d'fhéadfadh sé a bheith ina chuidiú do léitheoirí athbhreithniú a dhéanamh ar na hidirghabhálacha ar fad a liostaítear nuair a bhíonn iarracht á déanamh straitéisí féideartha do dhaonraí ar leith a shainaithint. Tabhair faoi deara freisin gur cheart glacadh leis na straitéisí a chuirtear i láthair mar fhoinsé inspioráide ar féidir iad a chur in oiriúint do shuíomhanna éagsúla, seachas mar chur chuige saintreorach ar cheart é a leanúint go docht.

Sainaithníodh na straitéisí a cuireadh i láthair anseo trí athbhreithniú scoipe lena n-áirítear raon ábhar agus foinsí, agus roghnaíodh iad chun léargas a thabhairt ar éagsúlacht na ndaonraí a bhfreastalaítear orthu agus na réigiún geografach a bhfuil ionadaíocht acu. Níor cheart breathnú ar straitéis ar leith a áireamh i dtír ar leith mar fhianaise go bhfuil an straitéis sin 'níos fearr' ná straitéis eile atá curtha chun feidhme i dtír eile. Ar an gcuma chéanna, ní chiallaíonn eisiámh straitéis ar leith i dtír áirithe ar shlí ar bith nach raibh an straitéis sin 'chomh hoiriúnach' le straitéis atá curtha san áireamh. Ina theannta sin, cé gur ghlac tíortha le cur chuige ilghnéitheach i gcónaí maidir le glacadh agus cumhdach vacsaíniú COVID-19 a éascú, tá samplaí sonracha curtha san áireamh anseo de thionscnaimh, feachtas nó uirlisí a bhfuil sé mar aidhm leo aird a tharraingt ar an gcaoi ar déileáladh le 'C' ar leith, don phobal i gcoitinne nó d'fho-dhaonra. Tugann na samplaí seo léargas ar roinnt gnéithe de na tionscnaimh níos leithne atá á gcur chun feidhme ag leibhéal na tíre.

**Muinín:** Baineann straitéisí le hiontaoibh a chothú – iontaoibh sa chóras sláinte a bhfuil an vacsaín á sholáthar aige, iontaoibh sa lucht ceaptha beartas a bhfuil cinneadh á dhéanamh acu maidir leis an vacsaín, agus iontaoibh i sábháilteacht agus éifeachtacht na vacsaíne [9].

Ballstát	Cé air a bhfuiltear ag díriú	Bacainn spriocdhír ithe	Sampla d'idirghabháil
An Bheilg	Pobail leochaileach a agus an pobal i gcoitinne	Iontaoibh as an gcóras sláinte	Clár pólótach ba ea é seo a raibh oibríthe sláinte pobail páirteach ann agus a raibh de chúram orthu cur leis an méid a bhí ar eolas ag daoine faoin gcóras cúraim sláinte agus an iontaoibh a bhí acu as, cumhdach COVID-19 a mhéadú i measc pobal atá leochaileach go sóisialta i bhFlóndras [34]. Reáchtáladh cleachtadh mapála pobail i ngach crios cúraim phríomhúil sa réigiún, agus sainaithníodh páirtithe leasmhara iontaofa do gach pobal i rith an chleachtaidh. D'oibrigh an fhoireann leis na baill iontaofa pobail sin, chomh maith le cumainn cúraim phríomhúil, leasa shóisialta agus othar eile chun straitéis vacsaínithe a dhearadh agus a chur chun feidhme [35]. Chuir baill na bpobal a bpiaraí ar an eolas faoi vacsaín COVID-19, chruthaigh siad nasc le foinse cúraim, agus chuaigh siad in éineacht leo nuair a bhí a gcéad vacsaín á fáil, agus chuir siad gníomhaíochtaí leantacha i gcrích i ndiaidh an vacsaínithe [35,36]. Tá na foirne seo atá faoi stiúir an phobail agus pobalbhunaithe nasctha leis an deais sonraí réigiúnacha maidir le cumhdach, agus tá rochtain acu freisin ar shonraí comhiomlána, anaithnidithe maidir le comhghalrachaí á gcur ar fáil ag dochtúirí ginearálta. Leis an bhfaisnéis seo, is féidir leo spriocdhírú ar cheantair ina bhfuil an cumhdach vacsaínithe íseal agus lena mbaineann ardriosca [35].
Éire	Daoine óga	Iontaoibh i sábháilteacht vacsaíní agus iontaoibh sa chóras sláinte	Is tionscnamh é SciComm a úsáideann líonra de chumarsáidithe eolaíochta chun idirphlé a chruthú agus ceisteanna agus ábhair atá ag déanamh imní do dhaoine óga a fhreagairt, agus é mar aidhm iontaoibh a chothú agus, ar an tslí sin, cumhdach vacsaíne i measc daoine óga a mhéadú [37]. An Roinn Sláinte a chruthaigh an líonra trí iarratas a sheoladh chuig mic léinn iarchéime atá ag obair i réimse na heolaíochta sláinte agus na cumarsáide sláinte [37]. Ba é an cuspóir a bhí acu teagmháil a dhéanamh le daoine óga trí phobail ar líne áit a bhfuil siad gníomhach cheana féin, agus iad a spreagadh chun spéis a léiriú i réimse a shíl siad nach raibh aon bhaint acu leis [37,38]. Buaileann an líonra cumarsáidithe eolaíochta le hoifigigh ón Roinn Sláinte faoi dhó sa mhí chun a gcuid ceisteanna féin a fhreagairt, agus ansin sainmhíneáir teachtaireachtaí seachtainiúla bunaithe ar ábhair imní a raibh aird tarraingthe ag daoine óga orthu (mar atá sainaitheanta ag an Aireacht Sláinte trí fhócasghrúpaí agus ceistneoirí[38]), mar aon le forbairt eolaíochta reatha. Postálann an líonra ábhar ar bhonn gníomhach agus idirghníomhaíonn sé ar na meáin shóisialta (Facebook, Instagram, Tik Tok), agus ar an tslí seo, déantar teagmháil le daoine óga ar fud na tíre, roinntear eispéiris, freagraítear ceisteanna, agus déileáiltear le mífhaisnéis/bréagaisnéis maidir le vacsaíniú COVID-19 [39].
An Ísiltír	Oibríthe cúraim sláinte	Iontaoibh i sábháilteacht vacsaíní	Tá modúl ríomhfhoghlama forbartha ag Institiúid Naisiúnta um Shláinte Phoiblí agus Caomhnú Comhshaoil (RIVM) na hÍsiltíre a chuirtear ar fáil go poiblí do ghairmithe cúraim sláinte san Ísiltír [40]. Soláthraítear oiliúint maidir le forbairt vacsaíní, agus faisnéis maidir le sábháilteacht agus éifeachtacht vacsaíní. Chomh maith leis sin, soláthraítear idirphlé agus scrípteanna maidir le conas ba cheart vacsaíniú COVID-19 a phlé le hothair [41]. Tá an modúl á bhailíochtú faoi láthair chun críche creidiúnaithe.
An Ríocht Aontaithe (tír	An pobal i gcoitinne	Iontaoibh as	Tá Ollscoil Nottingham, Southampton, agus Coláiste Kings i Londain ag obair i gcomhpháirt leis an Institiúid Náisiúnta um

neamh-AE/LEE)		sábháilteacht agus éifeachtacht vacsaíní	Thaighde Sláinte chun bota comhrá a chruthú chun plé a dhéanamh agus idirphlé a chruthú le daoine aonair maidir leis na rudaí atá ag déanamh inní dóibh faoi vacsaíní COVID-19 [42,43]. Iarrann an bota comhrá roinnt ceisteanna tosaigh maidir leis na hábhair atá ag déanamh inní do dhaoine aonair agus, bunaithe ar na freagraí, cuirtear fianaise eolaíoch ar fáil ar bhealach neamhbhreithiúnach [44]. Cé go bhfreagraíonn an bota comhrá seo ábhair inní maidir le vacsaíní trí úsáid a bhaint as freagraí réamhchláraithe, tá bota comhrá cosúil leis díreach seolta ag Ollscoil Johns Hopkins agus IBM a idirghníomhaíonn le húsáideoirí trí úsáid a bhaint as tar éis comhrá den chineál céanna a sheoladh a idirghníomhaíonn le húsáideoirí trí úsáid a bhaint as intleacht shaorga. Tá an bota comhrá seo níos solúbtha, tugtar deis d'úsáideoirí saorthéacs a chlósábh, agus freagraí a thabhairt maidir le hábhair inní faoin vacsaín [45].
---------------	--	--	---

**Srianta:** go ginearálta díríonn straitéisí atá spriocdhírthe ar shrianta ar inrochtaineacht a mhéadú, cumas daoine faisnéis a thuiscint (litearthacht agus teanga na sláinte), mealltacht seirbhísi imdhionta, agus déileáil le bacainní braite nó iarbhire ar inacmhainneacht.

Ballstát	Cé air a bhfuiltear ag díriú	Bacainn spriocdhírthe	Sampla d'idirghabháil
An Iorua	Mionlaigh teanga	Deacrachtaí maidir le faisnéis faoi vacsaíní a thuiscint	Tá faisnéis maidir le vacsaíní aistrithe agus tá sí ar fáil i mbreis agus 45 teanga, agus úsáidtear an fhaisnéis seo chun teagmháil a dhéanamh le daonraí leochaileacha [46,47]. In Osló, tá 'ambasadóirí' a labhraíonn Somáilis ó phobail, sainaitheanta ag oibríthe sláinte i gcomhpháirt leis na pobail féin, atá ag roinnt eolais faoi COVID-19 i dteanga na Somáile [48]. Rinneadh an obair seo i gcomhpháirt le heagraíochtaí na sochaí sibhialta, lucht acadúil, agus le hInstitiúid um Shláinte Phoiblí na hIorua.
An Iodáil	Imircigh	Mealltacht seirbhísi	I réigiúin áirithe, athraíodh ceanglais chlárúcháin ionas nach mbeidh uimhir sláinte ag teastáil ó dhaoine atá á vacsaíní, agus tá dearbhú ann freisin nach roinnfear sonraí pearsanta le húdarás neamhshláinte (e.g. póilíní nó inimirce) [49]. I réigiúin eile, an Tuscáin mar shampla, baineadh úsáid as láithreacha vacsaínithe do dhaoine aonair nach bhfuil cárta sláinte acu mar mhodh chun rochtain a éascú d'imircigh gan doiciméid [50]. I réigiún na Sicile, tá na húdarás sláinte náisiúnta ag obair i gcomhpháirt le heagraíochtaí na sochaí sibhialta chun imircigh a vacsaíní, agus tá idirghabhálaithe cultúrtha in úsáid acu chun cumarsáid a dhéanamh maidir le seirbhísi vacsaínithe [51].
An Ghearmáin	An pobal i gcoitinne	Inrochtaineacht fhisiceach	Chuir na húdarás 'Seachtain Vacsaínithe' i bhfeidhm ar fud na tíre i mí Mheán Fómhair, a reáchtáladh i gcomhthráth le deireadh laethanta saoire an tsamhraidh agus le hoscailt na scoileanna. Bhí idirghabháil Sheachtain na Vacsaínithe, a d'úsáid an haischlib '#HierWirdGeimpft' ('vacsaíní ar siúl anseo'), dírithe ar vacsaíní a chur ar fáil go héasca i gceantair a mbíonn daoine ag triall orthu go minic (e.g. ionaid adhartha, clubanna óige, clubanna spóirt, margáí) chun rochtain faille ar vacsaín a éascú, agus ar an gcaoi sin cumhdach a mhéadú roimh an bhfómhar [52].
An tSeicia	An pobal i gcoitinne	Inrochtaineacht fhisiceach	Tá foirne soghluaiste imlonnaithe ag bardais réigiúnacha chun teagmháil a dhéanamh le daoine a bhfuil soghluaisteacht theoranta acu, agus i bpobail a bhfuil deacrachtaí acu dul chomh fada le hionaid



Ballstát	Cé air a bhfuiltear ag díriú	Bacainn spriocdhírthe	Sampla d'idirghabháil
			vacsaínithe. Chomh maith leis sin, tá dochtúirí ginearálta atá ag obair i gceantair ina bhfuil an cumhdach íseal, ag comhoibriú lena chéile chun a gcuid othar a vacsaíniú trí inrochtaineacht mhéadaithe a thairiscint [47].
An Spáinn	Daoine óga agus mic léinn	Srianta inrochtaineachta agus ama do dhaoine óga a d'fhéadfadh a bheith níos soghluaiste de bharr cúrsaí staidéir.	Is comhpháirtíocht é <i>Vacunabuses</i> (Busanna vacsaínithe) idir údarás sláinte Mhaidrid agus Cros Dhearg na Spáinne. Páirteach san idirghabháil tá 18 bhfoireann shoghluaiste atá ag obair in institiúidí ardoideachais poiblí agus príobháideacha [53,54], atá oscailte le haghaidh vacsaíniú buail isteach go dtí deireadh an chéad mhí den scoil. Is é an aidhm atá ann cumhdach a mhéadú i ndaonraí ina bhfuil an cumhdach íseal agus gan a bheith ag brath ar vacsaíniú a dhéanamh in ionaid ag príomhshuíomhanna cónaithe mac léinn [55].

**Réchúis:** baineann réchúis leis an riosca íseal a bhraitear a bheith ag baint leis an ngalar a d'fhéadfadh bac a chur ar an bhfionn a bheadh ar dhuine vacsaín a fháil [56]. Mar shampla, ba mhinic a sainaitníodh daoine óga agus leanaí, níos luaithe sa phaindéim, mar ghrúpa a raibh riosca an-íseal ó COVID-19 luaithe leo i gcomparáid le daoine fásta níos sine. Dá réir sin, d'fhéadfadh gur gá do straitéisí a bhfuil sé mar aidhm leo déileáil le réchúis díriú ar an riosca a bhaineann le COVID-19 do dhaoine óga a mhíniú agus a dtuiscint ar an tábhacht bhunúsach a bhaineann le vacsaíniú go ginearálta a fheabhsú.

Ballstát	Cé air a bhfuiltear ag díriú	Bacainn spriocdhírithé	Sampla d'ídirghabháil
An Ghearmáin	An pobal i gcoitinne	Tuiscint ar an riosca agus ar na tairbhí a bhaineann le galar COVID-19 agus vacsaíniú.	Foilsíonn Institiúid Robert Koch sraith sheachtainiúil Ceisteanna & Freagraí, bunaithe ar cheisteanna agus ábhair imní a sainaitníodh trí shuirbhé rialta a dhéanamh a bhaineann le COVID-19 (COVIMO) [26,57]. Úsáideann na Ceisteanna & Freagraí cur chuige atá bunaithe ar chumarsáid riosca agus a tharraingíonn aird ar an riosca a bhaineann le COVID-19 agus ar na tairbhí a bhaineann leis an vacsaín. Tá ceisteanna do ghrúpaí leochaileacha ar leith (e.g. mná torracha) nó do ghrúpaí leasa (e.g. leanaí) curtha san áireamh freisin. Tá naisc chuig tuilleadh eolais le fáil sna freagraí.
An Ísiltír	Tuismitheoirí, leanaí agus daoine óga	An tuiscint ar an riosca a chruthaíonn COVID-19 do leanaí/daoine óga, riosca agus sábháilteacht vacsaínithe.	Rinneadh staidéar a raibh sé mar aidhm leis na cúiseanna a bhfuil drogall ar thuismitheoirí agus ar leanaí vacsaín COVID-19 a fháil [58]. Bunaithe ar thorthaí an staidéir, rinneadh agallamh ar líne le péidiatraí a dhéanann cathaoirleacht ar Chumann Péidiatraice na hÍsiltíre agus a bhfuil baint aige le Foireann Bainistíochta Ráige na tíre. Dhírigh sé ar cheisteanna a bhain le riosca COVID-19, agus ar na tairbhí a bhaineann le vacsaíniú [59]. Bunaíodh comhpháirtíochtaí freisin idir forais oideachais, comhlachais oideachais agus institiúidí sláinte chun faisnéis a chur ar fáil faoin riosca a chruthaíonn COVID-19 do dhaoine óga agus do leanaí, agus faoi na tairbhí a bhaineann le vacsaíniú [47].
An Pholainn	An pobal i gcoitinne	Tuiscint ar an riosca a bhaineann le COVID-19	Bhunaigh an Ciste Náisiúnta Sláinte foireann chun glao a chur ar dhaoine nach bhfuil vacsaínithe fós, daoine a sainaitníodh trí úsáid a bhaint as taifid leighis. Fiafraítear de dhaoine cén fáth nár vacsaíníodh iad, agus glacann siad páirt i bplé, atá dírithe ar na rioscaí i gcomparáid leis an tairbhí a bhaineann le vacsaíniú. Déantar iarracht a chur ina lúí orthu go dtéann vacsaíniú chun tairbhe dóibh, agus ansin bíonn deis acu clárú le haghaidh vacsaínithe a thairiscint agus glacadh leis an deis sin [47].

**Ríomh:** Is éard atá i gceist le ríomh sa tsamhail 5C an anailís a dhéanann duine ar na rioscaí agus ar na tairbhí a bhraitear a bhaineann le vacsaíniú [9]. D'fhéadfadh, dá bhrí sin, go mbeadh sé mar aidhm le straitéisí atá ag díriú ar ríomh, faisnéis bheacht a sholáthar atá dírithe ar fhoinsí atá criticiúil i gcomhthéacs vacsaíní, lena n-áirítear mífhaisnéis agus bréagaisnéis, agus béim a leagan ar an réasúnaíocht atá le vacsaíniú agus ar an tábhacht a bhaineann le vacsaíniú.

Ballstát	Cé air a bhfuiltear ag díriú	Bacainn spriocdhírthe	Sampla d'ídirghabháil
An Ostair	An pobal i gcoitinne	Rochtain ar fhaisnéis chruinn, mífhaisnéis a bhréagnú	Bunaíodh suíomh gréasáin a sholáthraíonn nuashonruithe maidir le straitéis vacsaínithe. Tá nasc ann maidir le cá háit ar féidir vacsaín a fháil agus conas is féidir vacsaín a fháil, mar aon le faisnéis ghinearálta maidir le COVID-19 agus vacsaíniú. Áirítear san fhormáid físeáin ghearra, agallaimh le hoibríthe cúraim sláinte (mar fhoirse iontaofa), sraith ar a dtugtar 'Science Busters', agus sraith ar a dtugtar 'Consultation Hour', ina gcuirtear agallamh ar shaineolaithe faoi vacsaíniú [60]. Tá na torthaí sin go léir curtha in oiriúint d'ábhair imní ar leith arna sainathint i bpobail dhifriúla. [47]. Tá na hacmhainní seo ar fáil ar an suíomh gréasáin agus ar YouTube freisin. Liostaítear ar leathanach eile na dochtúirí atá páirteach i dTionscnamh Vacsaínithe na hOstaire, dochtúirí ar féidir dul i dteagmháil leo má tá ceisteanna ag daoine [61]. Ar leathanach gréasáin eile soláthraítear faisnéis réigiúnach faoi cá háit a bhfuil seirbhísí vacsaínithe ar fáil.
An Spáinn	An pobal i gcoitinne	Feachtais mórmheán	Tá úsáid bainte as roinnt feachtas mórmheán sa Spáinn chun faisnéis a scaipeadh maidir leis na tairbhí a bhaineann le vacsaíniú COVID-19, agus díriodh sna feachtais seo freisin ar ábhair imní coiteanna. Dhírigh feachtas amháin den sórt sin ar shábháilteacht vacsaíní a mhíniú, agus úsáideadh abhcóidí ó Ghníomhaireacht na Spáinne um Leigheasra agus Táirgí Sláinte (AEMPS) [62] chun daoine aonair nach bhfuil vacsaínithe mar gheall ar fhaisnéis a scaipeadh faoin bhfíric gur forbraíodh na vacsaíní COVID-19 róthapa a ullmhú nó labhairt leo. Cuireann feachtas eile, #yomevacunaseguro, achainíochta pearsanta ó dhaoine óga, daoine fásta níos sine agus eolaithe maidir leis an gcúis a bhfuil sé tábhachtach a bheith vacsaínithe i láthair [63].
An Ísiltír	An pobal i gcoitinne	Mífhaisnéis agus bréagaisnéis a bhréagnú	Tá an Institiúid Náisiúnta um Shláinte Phoiblí agus Caomhnú Comhshaoil tar éis infheistiú in anailísíocht mhórshonraí ar mhaithe leis na ceisteanna is coitianta a chuardaítear maidir le vacsaíniú agus vacsaíní a shainaithint agus chun anailís a dhéanamh ar inneachar suíomhanna gréasáin chun na ceisteanna is minice a cuardaíodh maidir le vacsaíniú agus vacsaíní a aithint agus chun anailís a dhéanamh ar ábhar na suíomhanna gréasáin atá criticiúil maidir le vacsaíní. Baineann siad úsáid as na hanailísí sin chun faisnéis inrochtana atá éasca a thuiscint a chur ar fáil a bheidh dírithe ar chur i gcoinne éileamh coiteann mhífhaisnéise a fhoilsítear ar líne. Tugann an fhoireann faireacháin freagra díreach ar mhífhaisnéis maidir le vacsaíniú ar líne, ag brath ar fhoirse agus ar chlúdach. Ar deireadh, tá Meitheal Machnaimh Mífhaisnéise bunaithe, atá á comhordú ag an Aireacht Sláinte, agus tá iarracht á déanamh ag saineolaithe deonacha mífhaisnéis vacsaíne a bhréagnú trí úsáid a bhaint as a gcuntais phearsanta meán sóisialta [64].

**Freagracht chomhchoiteann:** d'fhéadfaí go n-áireofaí i straitéisí atá spriocdhírthe ar fhreagracht chomhchoiteann feachtais chumarsáide maidir le vacsaíní COVID-19 a dhíríonn ar fhachtóirí síceasóisialta a bhaineann leis an aidhm a bheadh ag duine a bheith vacsaínithe, cosúil leis an gcreideamh go gcosnóidh vacsaíní pearsanta daoine eile (dá bhrí sin, ag tacú le braistint dualgais mhorálta), agus gurb é an vacsaíní an rud is tábhachtaí chun an tsochaí a athoscailt [65].

D'fhéadfadh go mbeadh aird a tharraingt ar an tairbhe shóisialta a bhaineann le vacsaíní ar mhéadú ar an líon daoine a chinneann an vacsaín a fháil. Mar sin féin, leagtar béim i dtaighde ar an ábhar seo ar roinnt fachtóirí a d'fhéadfadh tionchar a imirt ar éifeachtacht a leithéid sin de theachtaireachtaí: comhthéacsanna cultúrtha agus sóisialta (i sochaithe áirithe glactar leis an vacsaíní mar fhreagracht chomhchoiteanna cheana féin); luachanna próshóisialta na ndaoine a bhfuil an teachtaireacht á fáil acu; formáidí agus cainéil chumarsáide úsáidte (e.g. d'fhéadfadh go mbeadh sé níos éifeachtaí úsáid a bhaint as léiriú a thabhairt ar conas a oibríonn cosaint pobail trí ionsamhlú idirghníomhach seachas díreach téacs gearr a úsáid) agus an leibhéal drogaill i measc daoine aonair [66]. Maidir leis an bpointe deiridh, is lú seans go mbeidh daoine atá an-drogallach an vacsaín a fháil, ag tabhairt airde ar leas coiteann vacsaínithe, agus dá bhrí sin, d'fhéadfadh sé a bheith níos éifeachtaí aird a tharraingt ar an tairbhe phearsanta do na daoine aonair sin [67].

Ballstát	Cé air a bhfuiltear ag díriú	Bacainn spriocdhírthe	Sampla d'idirghabháil
An tSualainn	An pobal i gcoitinne	Teachtaireachtaí lena n-áirítear achomhairc ar fhreagracht chomhchoiteann.	Ag tús rolladh amach na vacsaíne, áiríodh i bhfeachtas faisnéise údarás sláinte poiblí na Sualainne, in éineacht le heagraíochtaí eile, teachtaireachtaí bunaithe ar phrionsabal 'Cosain tú féin agus daoine eile' i meáin éagsúla. Aistríodh an fhaisnéis go teangacha éagsúla freisin [68]. I bhfeachtas eile, ina raibh físeáin agus póstaer aistrithe go teangacha éagsúla, bhí an teachtaireacht 'Le chéile i dtreo amanna níos fearr' (e.g. an taitneamh a bhaineann le bualadh le cairde agus baill teaghlai ghair) á cur chun cinn. I measc na n-ábhar a cuireadh i dtoll a chéile bhí físeáin ghearra le saineolaithe vacsaínithe a mhínigh an tábhacht a bhaineann le vacsaíní mar mhodh chun scaipeadh galar a rialú, filleadh ar an ngnáthshaol, agus deireadh a chur leis an bpaindéim [69]. Ba cheart a thabhairt faoi deara nárbh í an fhreagracht chomhchoiteann an phríomhstraitéis ar ghlac údarais na Sualainne léi, ach bhíothas ag díriú ar ghnéithe den 'C' seo i ngnéithe áirithe den straitéis.

## Straitéisí breise chun cumhdach vacsaíne a mhéadú

I roinnt tíortha, nuair a mheastar nach leor cineálacha eile idirghabhálacha chun cumhdach ard vacsaíne a bhaint amach, tugadh isteach bearta atá bunaithe ar dhreasachtaí, ar cheanglais maidir le deimhneacht agus sainorduithe. Tá sé tábhachtach a thabhairt faoi deara, áfach, cé go bhféadfadh na tionscnaimh sin a bheith éifeachtach chun daoine atá éiginnte maidir le vacsaíní, nó i gcoinne vacsaínithe, a spreagadh, go ndéanann siad iarracht iompraíocht a mhúnlú, seachas modh smaointeoireachta daoine a athrú agus an bealach a mhothaíonn daoine faoi vacsaíní a athrú. Ina theannta sin, is féidir le dreasachtaí nó smachtbhannaí na deiseanna chun vacsaíní a mhoilliú a laghdú trína cheangal ar dhuine aonair toradh inmhianaithe a bhaint amach (e.g. rochtain ar oideachas, fostaíocht, siamsaíocht nó taisteal) [70].

Bunaithe ar an bprionsabal sin, agus ag cur leis an aitheantas bunaithe ar phaindéim COVID-19 go bhféadfadh go mbeadh comhpháirteanna breise ann d'fhonn a áirithiú go ndéanfar daonra a vacsaíní, tá 'comhlíonadh' molta le déanaí mar ghné bhreise den tsamhail 5C [71]. Is éard atá i gceist le 'comhlíonadh' beartais vacsaínithe a dhéanann níos mó ná déileáil le mothúcháin daoine i ndáil le freagracht chomhchoiteann agus díríonn siad seachas sin ar fhaireachán sochaíoch agus ar smachtbhannaí a chur i bhfeidhm i gcás na ndaoine nach bhfuil vacsaínithe. Beidh gá le tuilleadh taighde chun measúnú a dhéanamh ar an gcaoi ar chuidigh tionscnaimh den sórt sin le cumhdach vacsaíne i rith phaindéim COVID-19.

**Dreasachtaí:** tugann taighde iompraíochta a rinneadh san am a chuaigh thart le tuiscint, cé go bhféadfadh dreasachtaí tábhacht an vacsaínithe a dhearbhu, gur féidir leo a thabhairt le fios freisin go bhfuil daoine áirithe ag roghnú gan vacsaíní a fháil, rud a thugann le fios nach iompar normatach é vacsaíní. Ina theannta sin, léiríonn sintéis ar athbhreithnithe ar straitéisí dreasachta go bhfuil éagsúlacht sna moltaí, agus i roinnt staidéar dearbhaítear go bhfuil an cur chuige éifeachtach, cé go n-áitíonn Ballstáit eile go bhfuil an fhianaise maidir le héifeachtacht neamhchonclúideach. Mar sin féin, d'fhéadfadh sé seo a bheith i gceist mar thoradh ar ilchineálacht na n-idirghabhálacha agus ar chaighdeán na staidéar, chomh maith leis an bhfíric go bhféadfadh sé a bheith deacair éifeachtaí dreasachtaí a dhearbhu nuair a chuirtear san áireamh le straitéisí eile iad [70].

Thug taighde a rinneadh le linn na céime tosaigh de rolladh amach vacsaíniú COVID-19 dúshlán moltaí tosaigh a thug le fios go bhféadfadh dreasachtaí airgeadaíochta toilteanas vacsaínithe a chothú. Tugadh rabhadh sa taighde sin, nuair a bheidh vacsaín nua ar fáil, gur cheart d'fheachtais díriú ar mhúinín a mhéadú, go háirithe maidir le sábháilteacht na vacsaíní. A luaithe is a laghdaítear ábhair imní maidir le sábháilteacht, d'fhéadfadh dreasachtaí airgeadaíochta dlús breise a chur le cumhdach vacsaíne, ach ní mór tuilleadh taighde a dhéanamh ar an ábhar seo [72]. Léirigh triail mhór randamaithe rialaithe a rinneadh sa tSualainn i mBealtaine-Iúil 2021 gur féidir le dreasachtaí airgeadaíochta measartha fiú rátaí vacsaínithe COVID-19 a mhéadú (faoi 4.2 pointe céatadán ó ráta bonnlíne 71.6 %), beag beann ar chúla sochdhéimeagrafach na rannpháirtithe. Tarraingítear aird sa staidéar seo freisin ar shaincheisteanna eile nach mór iad a bhreithniú: gnéithe eiticíúla, éagsúlachtaí féideartha ar an éifeacht ag brath ar na rátaí vacsaínithe i dtír, a thugann an dreasacht (sa staidéar seo ba é an fhoireann taighde a bhí i gceist), agus an riosca go bhféadfadh dreasachtaí an bonn a bhaint de thoilteanas daoine vacsaíniú a fháil amach anseo (e.g. teanndáileoga a fháil) gan íocaíocht a fháil [73]. Tarraingítear aird i staidéir eile ar an bhfíric go bhféadfadh an chuma a bheith ar an scéal go bhfuil dreasachtaí airgeadais chun 'vacsaín a fháil' mealltach nuair a dhírítear ar ghrúpaí a bhfuil rátaí vacsaínithe ísle luaite leo go seasta, agus go bhféadfaidís a bheith mar bhonn le méadú gearrthéarmach ar vacsaíniú, ach níor cheart glacadh le dreasachtaí airgeadais mar réiteach gach faidhbe. Beidh gá fós le straitéisí comhlántacha níos ginearálta, cosúil le foinsí frithsheasmhachta a shainithint, déileáil le bacainní ar rochtain agus ar chumhdach, agus cumarsáid a dhéanamh ar bhealach trédhearcach chun iontaoibh an phobail a chothú [74]. Ba cheart dreasachtaí do spriocghrúpaí sonracha, amhail oibríthe cúraim sláinte, a phleanáil agus a fhorbairt i gcomhar le hionadaithe ó na grúpaí sin [24].

**Ceanglais maidir le deimhnithe:** tá ceanglais curtha chun feidhme ag roinnt tíortha an AE/LEE chun cruthúnas vacsaínithe a thaispeáint, trí theastas, pas glas nó sláinte, ar féidir cruthúnas téarnaimh ó COVID-19 agus cruthúnas ar thoradh tástála diúltach a bheith san áireamh ann. Ceanglaítear ar dhaoine teastais den sórt sin a bheith acu chun rochtain a fháil ar ionaid áirithe, páirt a ghlacadh i ngníomhaíochtaí áineasa, cultúrtha nó sonracha gairmiúla, dul ag taisteal, nó áiteanna oibre a rochtain. Chun críche na tuarascála seo, tá an cineál seo ceanglais deimhnithe á scaradh againn ó na 'sainorduithe vacsaíne' a phléitear thíos, cé gur féidir na téarmaí a úsáid go hidirghalartach sa litríocht. Ina theannta sin, trí dhírú ní hamháin ar chruithúnas vacsaínithe ach ar chruithúnas téarnaimh nó ar thoradh tástála diúltach freisin, ní hionann na deimhnithe sin agus vacsaíniú 'sainordaithe' go sonracha. Is sampla é deimhniú Digiteach COVID-19 an Aontais den cheanglas sin, a bhfuil sé mar aidhm leis, sa chás seo, saorghluaiseacht laistigh den Aontas a éascú [75].

Thug taighdeoirí rabhadh ag tabhairt le fios go bhféadfadh tionchar 'tograí pas' maidir le cuspóirí vacsaínithe athrú ag brath ar an méid a chumhdaíonn na deimhnithe sin (vacsaíniú, tástáil le déanaí, antasubstaintí), an cineál gníomhaíochtaí a mbaineann siad leo (taisteal idirnáisiúnta, rochtain ar ionaid, fostaíocht), agus nuair a thugtar isteach iad (láithreach baill nó i ndiaidh vacsaíniú a thairiscint do gach duine). Beidh tionchar aige sin ar an tuiscint atá ag daoine ar na deimhnithe chomh fada is a bhaineann le dlisteanacht, cothromas agus mothúcháin éigeantais [76]. Thug na taighdeoirí le fios go bhféadfadh 'pasanna vacsaíne' cabhrú le meon níos dearfaí a chothú i measc daoine a raibh sé beartaithe acu vacsaíniú a fháil cheana féin, ach d'fhéadfadh sé go mbeadh a mhalairt d'éifeacht acu orthu siúd a bhfuil an vacsaín ag déanamh imní dóibh. Spreag ceanglais maidir le deimhnithe cur i gcoinne ó roinnt gníomhaithe polaitiúla agus eacnamaíoch, mar a tugadh faoi deara i Sasana nuair a chuaigh an rialtas siar ar a phlean 'pas vacsaíne' a bhunú dóibh siúd ar mian leo clubanna oíche a rochtain agus imeachtaí plódaithe, tráth a raibh cáineadh á dhéanamh ar fhadhbanna agus ar chostais a bhain le cur chun feidhme [77]. Cinneadh i ndiaidh staidéar a rinneadh sa Ríocht Aontaithe agus san Iosrael go bhféadfadh drochthionchar a bheith ag pasanna vacsaíne intíre ar neamhspleáchas, ar spreagadh agus ar thoilteanas daoine a bheith vacsaínithe, agus gur cheart, ina ionad sin, tús áite a thabhairt do theachtaireachtaí maidir le neamhspleáchas agus gaolmhaireacht, seachas brú agus rialú [78]. Bunaithe ar staidéar a rinneadh sa Ríocht Aontaithe, tarraingíonn taighdeoirí aird ar an éifeacht pholaraíthe a d'fhéadfadh a bheith ag pasanna vacsaíne. Fiú má thacaítear leis go ginearálta i dtír, d'fhéadfadh go mbeadh éagsúlachtaí móra sa spéis a bheadh á léiriú ag grúpaí ar leith den daonra i bpassanna vacsaíne (e.g. daoine óga, mionlaigh eitneacha, etc.), agus d'fhéadfadh an riosca a bheith ann leis sin go ndéanfaí pobail ar leith agus braislí atá bunaithe ar thírreolaíocht a dhíspreagadh ó vacsaín a fháil [76]. Beidh sé riachtanach tuilleadh taighde a dhéanamh ar na hiarbhairtí neamhbheartaithe a d'fhéadfadh a bheith ag 'pasanna vacsaíne' dá leithéid.

**Ceanglais maidir le vacsaíniú/sainorduithe.** Ainneoin go bhféadfadh sainorduithe a bheith an-éifeachtach, tá rabhadh tugtha ag taighdeoirí go bhféadfadh straitéisí eile a bheith oiriúnach nó níos inmholta, ag brath ar na cúiseanna atá le tearcvacsaíniú. Mar sin féin, i roinnt spriocghrúpaí sonracha, cosúil le hoibríthe cúraim sláinte, tá sé léirithe go bhfuil ceanglais mar bhonn le cumhdach vacsaíne a mhéadú [70]. Is fianaise iad sainorduithe ar thacaíocht beartais le haghaidh imdhíonta agus dá réir sin d'fhéadfadh a leithéid cur leis na hacmhainní atá ar fáil don bhonneagar vacsaínithe. É sin ráite, d'fhéadfaidís níos mó dochar ná maitheas a dhéanamh freisin in aon daonra nach dtacaíonn ar bhealach suntasach le vacsaíniú [79]. Bunaithe ar an taithí a fuarthas roimhe seo maidir le sainorduithe vacsaíní (e.g. sna Stáit Aontaithe) agus ar na dúshláin a bhain le tabhairt isteach na vacsaíní nua COVID-19, thug taighdeoirí dá n-aire roimh an vacsaíniú a rolladh amach go bhféadfadh sainorduithe teoranta a bhfuil an pobal ag tacú leo, i suíomhanna sonracha, a áireamh mar chuid de phacáiste cuimsitheach idirghabhálacha [79]. É sin ráite, ceanglaítear creat dlíthiúil le haghaidh sainorduithe lena gceadaítear do na húdaráis srian a chur ar shaoirsí pearsanta ar mhaithe le cúiseanna sláinte poiblí, agus ceaduithe ag leibhéal beartais. Da réir sin, is féidir a ndúshlán a thabhairt sna cúirteanna freisin, díospóireachtaí a bhunú ar shaoirse

phearsanta agus, cé go bhféadfaidís roinnt de na daoine sin a bhfuil drogall orthu a bheith vacsaínithe a spreagadh, d'fhéadfaidís a bheith mar bhonn le frithsheasmhacht freisin [80,81]. Tá gá freisin le hualú cúramach a dhéanamh ar bhreithnithe eiticíúla i ndáil le sainorduithe, pointe a bhfuil aird tarraingthe ag EDS air [82].

Tá sainorduithe maidir le vacsaíniú COVID-19 curtha chun feidhme ag roinnt tíortha AE/LEE, tá tíortha eile ag smaoineamh ar an straitéis seo a chur chun feidhme, agus tá tíortha eile i bhfabhar cur chuige deonach maidir le vacsaíniú [47,83]. Tá sainorduithe vacsaíne curtha chun feidhme ag roinnt tíortha AE/LEE roimhe seo maidir le vacsaíní agus grúpaí daonra sonracha, go háirithe leanaí óga [84], chun déileáil le rátaí vacsaínithe atá ag titim, drogall vacsaín a fháil agus ráigeanna athfhillteacha, don bhruitíneach go háirithe. Mar shampla, in 2017, bhunaigh an Iodáil dlí a chuir leis an liosta vacsaíní éigeantacha do naíonáin, ó cheithre vacsaín go dtí deich vacsaín (e.g. póilió, diftéire, heipitíteas B, bruitíneach, leicneach, rubella, varicella, etc.). Bhí gá le vacsaíniú do pháiste a bhí ag iarraidh scoileanna a rochtain, agus bheadh fineálacha airgeadaíochta mar thoradh ar easpa comhlíonta. Aimsíodh in athbhreithniú a rinneadh ar an mbeartas go raibh méadú tagtha ar an gcumhdach vacsaíne do gach vacsaín, cé gur ghlac na húdair leis gur bhain fadhb i gcónaí le drogall vacsaíne agus go rabhthas ag leanúint leis an díospóireacht pholaitiúil agus shóisialta maidir le vacsaíniú éigeantach [85].



**Samplaí de dhreasachtaí, deimhnithe agus sainorduithe**

Ballstát	EDS	Bacainn spriocdhírthe	Tuairisc ar an straitéis
An Pholainn	An pobal i gcoitinne/bardais	Dreasachtaí chun cumhdach a mhéadú	I mí Iúil 2021, seoladh crannchur le duaiseanna comhchineáil agus airgid agus bhí cead ag daoine a fuair vacsaín páirt a ghlacadh ann [86]. Bhí bardais in iomaíocht lena chéile freisin chun na rátaí vacsaínithe is airde a bhaint amach. Ba iad an chéad 500 bardas a d'éirigh leo 75% dá ndaonra a vacsaíniú a bhfaigheadh na duaiseanna airgid, agus gheobhadh an 49 bardas leis an ráta vacsaínithe is airde dá réigiún féin duais airgid freisin [87].
An Bheilg – réigiún phríomhchathair na Bruiséile	Grúpaí daonra ginearálta agus sonracha	Ceanglais/deimhnithe chun cumhdach a mhéadú	Sa Bheilg, bunaíodh Ticead Sábháilte Covid (CST) i mí Lúnasa a bheidh le húsáid chun rochtain a fháil ar imeachtaí a mbeidh níos mó ná 5 000 duine ag glacadh páirte iontu. Mar gheall ar rátaí vacsaínithe níos ísle i réigiún phríomhchathair na Bruiséile i gcomparáid le réigiúin eile sa tír, rinneadh pleananna an ticead a úsáid sa Bhruiséil san fhómhar freisin chun ionaid éagsúla a rochtain cosúil le bialanna, chun síneadh a chur leis an ticead sa Bhruiséil go dtí an fómhar chun ionaid rochtana amhail bialanna, beáir, ionaid chorpacmhainne, imeachtaí faoi dhíon a bhfuil níos mó ná 50 duine ag freastal orthu, agus ospidéal nó tithe altranais a chur san áireamh. Braithfidh an tréimhse ama a bheidh luaite leis an mbeart seo ar an staid eipidéimeolaíochta. Is deimhniú é an ticead a thugann le fios má tá an duine vacsaínithe go hiomlán, má tá tástáil dhiúltach COVID-19 déanta aige/aici nó má tá deimhniú téarnaimh aige/aici. Iarrfar é ar aon duine atá 16 bliana d'aois agus os a chionn, agus orthu siúd atá 12 mbliana d'aois freisin, má thugann siad cuairt ar ospidéal agus ar thithe altranais [88,89].
An Iodáil	Grúpaí gairmiúla (cúram sláinte)	Sainorduithe	Ar an 1 Aibreán 2021, d'fhorhmeas an Iodáil foraithe a chiallaíonn go bhfuil vacsaíniú éigeantach le haghaidh gairmithe cúraim sláinte. Ainneoin gur roghnaigh Stát na hIodáile glacadh le moltaí ar dtús, ghlac sé leis an gcóras éigeantach chun an leibhéal is airde vacsaínithe agus ab fhéidir a bhaint amach i measc gairmithe sláinte, chun sábháilteacht na cóireála agus cosaint shláinte na n-othar a ráthú [90]. Ba í an Iodáil an chéad tír san Eoraip a rinne é seo le haghaidh vacsaíní COVID-19. Tá feidhm ag an sainordú maidir le gairmithe cúraim sláinte a dhéanann a gcuid gníomhaíochtaí i struchtúir sláinte, shóisialta nó leasa, poiblí nó príobháideach, agus i gcógaslanna, i bparachógaslanna, agus in oifigí gairmiúla. Na daoine a dhiúltaíonn an vacsaín a fháil, aistrefar iad chuig dualgais nach bhfuil riosca ann go scaipfidh siad an víreas, nó cuirfear ar fionraí gan phá iad le haghaidh tréimhse suas le bliain amháin. Chomh maith leis sin, cosnaíonn an fhoraithe dochtúirí a riarann na vacsaíní ó dhliteanas coiriúil, fad is go bhfuil an vacsaín tugtha de réir threoracha na hAireachta Sláinte [91].

## Meastóireacht ar chlár a a bhfuil sé mar aidhm leo glacadh agus cumhdach vacsaín COVID-19 a mhéadú

Ba cheart meastóireacht a dhéanamh ar aon idirghabháil sláinte poiblí, más féidir [92]. Go hidéalach, déanfar meastóireachtaí d'fhonn a fháil amach ar cuireadh idirghabháil chun feidhme ar bhealach inghlactha, cé chomh héifeachtach is a bhí an idirghabháil (lena n-áirítear, más cuí, i bhfo-dhaonraí éagsúla), agus freisin, cibé acu an bhféadfadh nó nach bhféadfadh aon tionchair gan choinne nó aon tionchair dhiúltacha a bheith ag an idirghabháil

[92]. Ina theannta sin, bheadh gá le meastóireachtaí chun a fháil amach an bhfuil airgead poiblí á infheistiú ar bhealach costéifeachtach [93], rud a bhfuil tábhacht ar leith ag baint leis i rith géarchéime, nuair nach mór acmhainní a spriocdhírú go cúramach.

É sin ráite, d'fhéadfadh go mbainfeadh dúshlán modheolaíoch le hidirghabhálacha iompraíochta, de bhrí go mbaineann deacracht le cúisíocht a bhunú idir idirghabháil a bhfuil sé mar aidhm léi, mar shampla, cumhdach vacsaíniú COVID-19 a mhéadú, agus cumhdach iarbhír i measc ball den phobal. Is amhlaidh atá de bhrí go bhféadfadh go leor fachtóirí neamhghaolmhara eile tionchar a imirt ar rátaí vacsaínithe, agus nach bhfuil sé éasca a oibriú amach cérbh iad na fachtóirí a raibh tionchar acu. Tá an uirlis eipidéimeolaíoch den chaighdeán is airde a úsáidtear chun cinneadh a dhéanamh maidir le héifeachtacht idirghabhála – an triail randamaithe rialaithe – casta ó thaobh lóistíochta de agus éilitheach ó thaobh na modheolaíochta de, rud a chiallaíonn nach dócha go mbeidh sí inmharthana chun meastóireacht a dhéanamh ar fhormhór na n-idirghabhálacha a bhfuil sé mar aidhm leo glacadh agus cumhdach vacsaínithe a éascú. De dheasca easpa dianmhodheolaíochta ar furasta í a chur i bhfeidhm chun eolas a bhailiú faoin éifeachtacht na n-idirghabhálacha seo, ciallaíonn sé go mb'fhéidir nach mbeidh sé indéanta a gcostéifeachtacht a shonrú. Mar sin féin, is féidir meastóireachtaí réamh-idirghabhála agus iar-idirghabhála a úsáid chun a fháil amach ar tharla aon athruithe sa chumhdach vacsaínithe i limistéar ar leith le linn tréimhse aon idirghabhála, agus d'fhéadfadh sé a bheith indéanta freisin an cumhdach vacsaínithe a chur i gcomparáid i limistéir gheografacha éagsúla nó i ndaonraí sonracha sa chás go bhfuil idirghabháil curtha i bhfeidhm i ndaonra amháin agus nach bhfuil idirghabháil curtha i bhfeidhm i ndaonra eile. Mar sin féin, ba cheart a bheith an-chúramach leis na hiarrachtaí sin ionas go seachnaítear cúisíocht a lua idir leibhéil idirghabhála agus chumhdaigh, mar nach féidir glacadh lena leithéid agus nár cheart glacadh lena leithéid [9].

D'ainneoin na ndúshlán sin, fós is féidir meastóireachtaí maithe a dhéanamh ar idirghabhálacha a bhfuil sé mar aidhm leo cumhdach vacsaínithe a mhéadú, ainneoin le haghaidh na gcúiseanna thuasluaite, go mbeidh an phríomhbhéim á leagan sna meastóireachtaí seo ar mheasúnú a dhéanamh ar an bpróiseas, lena n-áirítear inghlacthacht idirghabhála agus sainaithint iarmhairtí neamhbheartaithe féideartha. Go hidéalach, ba cheart go gcuimseofaí i meastóireachtaí próisis den chineál seo sonraí cainníochtúla agus cáilíochtúla atá nasctha leis an bpróiseas cur chun feidhme. D'fhéadfaí sonraí cainníochtúla a bhunú ar an méid a cuireadh ar fáil tríd an idirghabháil (e.g. líon na n-imeachtaí for-rochtana), agus ar an gcaoi ar ghlac an spriocphobal leis seo (e.g. sonraí bailithe trí shuirbhéanna ar líne nó as líne). Soláthraíonn taighde cáilíochtúil (i bhfoirm agallamh leathstruchtúrtha, breathnóireachtaí, plé fócasghrúpaí, agus faireachán ar na meáin shóisialta ar líne, etc.) deis teacht ar thuiscint ar 'cén fáth' agus 'conas' ar tharla an méid a tharla i rith chur chun feidhme na hidirghabhála [94]. D'fhéadfadh go gcabhródh sé seo le haird a tharraingt ar shaincheisteanna nach raibh sainaitheanta go dtí seo, lena n-áirítear iarmhairtí neamhbheartaithe, nach bhfuil le tabhairt faoi deara sna torthaí ó na sonraí cainníochtúla. Ina dhiaidh sin, is féidir aitheantas a thabhairt do mhiondíríochtaí tábhachtacha laistigh de phobail agus déileáil leo. Go hidéalach, ba cheart go mbeadh sonraí á mbailiú maidir le peirspictíochtaí úsáideoirí seirbhíse (e.g. iad siúd ar cheart go mbeadh an vacsaín á fáil acu) agus soláthraithe seirbhíse (e.g. iad siúd a bhfuil an vacsaín á tabhairt acu) sna meastóireachtaí próisis. I gcás inar féidir, ba cheart go mbeadh eagraíochtaí pobail agus comhpháirtithe i gcomhar fóinteach páirteach sna meastóireachtaí mar bhealach lena chinntiú go bhfuil dearadh an taighde ábhartha do riachtanais na bpobal a bhfuiltear ag díriú orthu sa taighde [95].

Tá creat meastóireachta forbartha ag Oifig Réigiúnach EDS don Eoraip le haghaidh idirghabhálacha iompraíochta agus cultúrtha COVID-19 agus tá sé á reáchtáil ar bhonn píolótach faoi láthair, lena n-áirítear na hidirghabhálacha sin arb é is aidhm leo glacadh agus cumhdach vacsaínithe a éascú. Ag glacadh leis go bhféadfadh na hidirghabhálacha a bheith mar bhonn le tionchair dhearfacha agus dhiúltacha neamhbheartaithe, leagtar béim sa chreat meastóireachta ar éifeachtaí níos ginearálta na hidirghabhála, lena n-áirítear folláine, comhtháthú sóisialta agus iontaoibh. Tá an creat agus tuilleadh faisnéise le fáil ó [euinsights@who.int](mailto:euinsights@who.int).

Tabhair faoi deara nach bhfuil ach acmhainn theoranta ag a lán soláthraithe seirbhísí sláinte chun a gcuid meastóireachtaí féin a dhéanamh. Dá bhrí sin, tá sé tábhachtach go mbeadh ionchais réalaíochta ann maidir le méid agus doimhneacht aon chineál oibre den sórt sin. D'fhéadfadh go mbeadh seirbhísí sláinte in ann comhoibriú, áfach, le hollscoileanna nó le hinstiúidí taighde eile a bhféadfadh an acmhainn theicniúil agus na hacmhainní daonna a bheith acu chun meastóireachtaí atá níos forbartha ó thaobh modheolaíochta de a dhéanamh, trí mhodhanna nuálacha cosúil le meastóireacht réadúil a úsáid. D'fhéadfadh cur chuige den sórt sin cabhrú le torthaí ionchais agus torthaí gan choinne a eascraíonn as idirghabháil chasta a shoiléiriú [96,97].

## Meastóireacht ar idirghabhálacha chun glacadh agus cumhdach vacsaíniú COVID-19 a mhéadú san Ísiltír

Faoi Mheán Fómhair 2021, bhí ráta vacsaínithe foriomlán COVID-19 bainte amach ag an Ísiltír a bhí i bhfad os cionn mheán an Aontais [2], ach ba léir freisin go raibh grúpaí de dhaoine tearcvacsáinthe, go leor acu a bhí leochaileach go sóisialta. Dá bhrí sin, rinneadh iarrachtaí breise na daonraí seo a vacsaíniú; agus i mí Dheireadh Fómhair 2021, sheol Institiúid Náisiúnta um Shláinte Phoiblí agus Caomhnú Comhshaoil (RIVM) na Danmhairge suirbhé náisiúnta, suirbhé a seoladh chuig seirbhísí sláinte bardasacha ar fud na tíre, chun na gníomhaíochtaí múscaillte feasachta vacsaíniú COVID-19 a cuireadh i bhfeidhm le haghaidh na bpobal tearcvacsáinthe seo a mhapáil. Dhírigh ceisteanna an tsuirbhé ar réimse saincheisteanna, lena n-áirítear na daonraí ar díriodh orthu, na cineálacha faisnéise vacsaínithe a cuireadh ar fáil do na daonraí éagsúla, an cainéal/na cainéil trínar aistríodh an fhaisnéis, an tacaíocht phraiticiúil a tugadh do dhaoine ag na láithreacha vacsaínithe, agus cathain a dhéanfaí (seachas má dhéantar) meastóireacht ar na hidirghabhálacha. I bhfianaise ualach oibre trom na seirbhísí sláinte bardasacha, d'oibrigh foireann RIVM chun teacht ar chothromaíocht idir sonraí ar ardchaighdeán faoi na príomh-shaincheisteanna agus – gan an iomarca ceisteanna a chur san áireamh – agus rinneadh siad iarracht ráta freagartha maith a áirithiú.

Is ionann an cleachtadh mapála sin agus meastóireacht ag leibhéal náisiúnta atá curtha chun feidhme ag leibhéal áitiúil, áit a bhfuiltear ag súil go ndéanfar meastóireachtaí eile atá níos spriocdhírithé. Tuairiscíonn foireann RIVM go mbíonn tuiscint mhaith ag na comhghleacaithe a chuireann na hidirghabhálacha i bhfeidhm ag leibhéal áitiúil ar na saincheisteanna agus ar na dúshláin atá le sárú ag pobail dhifriúla a bhfuil iarracht á déanamh acu iad a vacsaíniú, agus tá a gcuid idirghabhálacha curtha in oiriúint acu dá réir sin. Ina theannta sin, tuairiscítear go minic go bhfuil an fhianaise atá á húsáid ag leibhéal áitiúil chun a gcuid idirghabhálacha a mhionchoigeartú 'cleachtasbhunaithe', sa mhéid is gur féidir leis na comhghleacaithe na gnéithe dá n-idirghabhálacha atá ag obair laistigh de na spriocphobail a shainnithint, seachas trí mheastóireachtaí foirmiúla a dhéanamh.

Bhunaigh RIVM tionscnamh náisiúnta a thacaíonn le seirbhísí sláinte bardasacha dea-chleachtas agus smaointe áitiúla a chomhroinnt, agus dá thoradh sin tá go leor malartuithe neamhfhoirmiúla tarlaithe agus tá idirghabhálacha a mheastar atá rathúil curtha in oiriúint. É sin ráite, cé go n-éascaíonn an tionscnamh seo dea-mhalartú taithí praiticiúla agus smaointe idir na bardais maidir le conas dul i bhfeidhm ar dhaoine a bhfuil vacsaíniú COVID-19 faighte acu, is beag fianaise atá ann nó níl aon fhianaise ann maidir le cé chomh héifeachtach is a bhí na hidirghabhálacha éagsúla. Is amhlaidh atá mar gheall ar easpa meastóireachta nó faireacháin struchtúrtha atá nasctha leis na hidirghabhálacha. Tá sé beartaithe anois, áfach, na hidirghabhálacha sin a nascadh le mionsonraí maidir le cumhdach vacsaínithe, rud a thabharfaidh léargas ar naisc ama idir idirghabhálacha agus cumhdach – ainneoin go bhfuiltear ag glacadh leis nach gá go mbeadh aon naisc cúisíoch.

## Conclúidí

Agus sinn ag druidim i dtreo an fhómhair agus an gheimhridh, tá riosca dáiríre ann go mbeidh líon mór cásanna COVID-19 ann mar aon le rátaí arda básmhairreachta i measc daonraí neamhvacsáinthe ar fud an AE/LEE [98]. Dá bhrí sin, tá tús áite, ar bhonn práinne, á thabhairt do ghlacadh le agus cumhdach sheirbhísí vacsaíniú COVID-19 a éascú. Soláthraíonn na huirlisí agus na hidirghabhálacha a chuirtear i láthair sa tuarascáil seo ábhair ar féidir le húdaráis iad a chur in oiriúint agus a úsáid mar fhreagairt ar an nglao seo. É sin ráite, cruthaíonn an ghéarchéim leanúnach deis chun dea-chleachtas le haghaidh clár vacsaínithe a shainnithint agus a institiúidiú, agus chun aird a tharraingt ar na bearnaí eolais nach mór iad a líonadh. Tríd an méid sin a dhéanamh, beimid in ann déileáil ar bhealach níos éifeachtaí le ráigeanna de ghallair atá inchoiscthe trí vacsaíniú.

